Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, Meitheamh 11 Tráthnóna, 2.00 – 4.30**

**Treoracha**

Freagair trí cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn 1 (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000AD – An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid de réir mar is cuí chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt de réir mar is gá do na ***léaráidí atá ar an mbileog leis an bpáipéar seo.***

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Struchtúr meigiliteach is ea Brú na Bóinne.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí ag an struchtúr seo?
(b) Déan cur síos agus plé ar an gcaoi inar tógadh é.
(c) Déan cur síos agus plé ar mhaisiúchán Bhrú na Bóinne.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**2.** An saothar miotalóireachta ó ré na Críostaíochta atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***, tá sé ar cheann de na seoda ealaíne is mórthaibhsí de chuid na hÉireann.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an saothar miotalóireachta seo.
(b) Déan cur síos agus plé ar a chuid maisiúchán.
(c) Déan cur síos agus plé ar an gcaoi a ndearnadh é.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**3.** Sampla den ailtireacht Rómhánúil Éireannach is ea Séipéal Chormaic i gCaiseal, Co. Thiobraid Árann. Tá sé ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar ailtireacht an fhoirgnimh seo.
(b) Déan cur síos agus plé ar a chuid maisiúchán.
(c) Ainmnigh foirgneamh Rómhánúil Éireannach ar bith eile a ndearna tú staidéar air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**4.** Sampla is ea an Casino in Marino den ailtireacht Sheoirseach agus tá sé ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an t-ailtire.
(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoin bhfoirgneamh seo.
(c) Déan cur síos mion ar **dhá** ghné ailtireachta de chuid an fhoirgnimh seo.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**5.** Tá **'*La Jeune Bretonne*'**, le Roderic O'Conor (1860–1940) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- úsáid datha(nna) agus teicníocht phéintéireachta.

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar Roderic O'Conor.
(c) Ainmnigh pictiúr ar bith eile de dhaoine le haon ealaíontóir Éireannach.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**6.** Tá píosa dealbhóireachta poiblí le Brian King ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an bpíosa dealbhóireachta seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- suíomh
- scála
- dath agus solas.

(b) Cad atá an dealbhóir ag iarraidh a léiriú, dar leat?
(c) Ainmnigh saothar dealbhóireachta poiblí Éireannach ar bith eile agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**7.** Roghnaigh saothar le duine amháin díobh seo a leanas: Walter Osborne, Harry Clarke, Jack B. Yeats, Tony O'Malley, Robert Ballagh, John Rocha.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an saothar.
(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- teicníochtaí agus comhábhair a úsáideadh.

(c) Tabhair roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar an ealaíontóir atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

# Roinn II – Ealaín na hEorpa

**8.** Tá sampla d'ailtireacht Rómhánúil ó ardeaglais Autun ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar dealbhóireachta seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- suíomh

(b) Ainmnigh sampla den ailtireacht Rómhánúil a bhfuil eolas maith agat air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**9.** Tá '***Airgead an Chíosa***' le Masaccio (1401-1428) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh agus peirspictíocht
- an meán a úsáideadh.

(b) Ainmnigh saothar eile le Masaccio ***nó*** saothar le do rogha ealaíontóir eile de chuid na Luath-Athbheochana (an *Renaissance* luath).
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**10.** Tá '***Maighdean na gCluainte***' le Raphael (1483-1520) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas.
- ábhar
- comhdhéanamh
- úsáid datha(nna)

(b) Ainmnigh saothar eile le Raphael ***nó*** saothar le do rogha ealaíontóir eile de chuid na hArd-Athbheochana (an tArd-*Renaissance*).
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**11.** Roghnaigh **ceann amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b):
- ***Pósadh Arnolfini*** le Jan van Eyck (d.1441).
- ***An Pietà*** le Michelangelo (1475-1564).
- ***Na Stiogmaí á nGlacadh ag Naomh Proinsias*** le El Greco (1541-1614).
- ***An Suipéar in Emmaus*** le Caravaggio (1573-1610).
- ***Le Moulin de la Galette*** le Auguste Renoir (1841-1919).
- ***Tógáil le Pónairí Beirithe*** le Salvador Dali (1904-1989).

(a) Déan cur síos ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- dath(anna)

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar an ealaíontóir.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**12.** Tá an pictiúr '***Bláthanna Gréine***' le Vincent van Gogh (1853-1890) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh
- dath(anna)
- teicníocht agus meán a úsáideadh.

(b) Ainmnigh agus déan cur síos ar shaothar eile le Vincent van Gogh a ndearna tú staidéar air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**13.** Tá '***An Smaointeoir***', le Auguste Rodin (1840-1917) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an bpíosa dealbhóireachta seo.
(b) Ainmnigh agus déan cur síos ar shaothar dealbhóireachta ar bith eile le Rodin a ndearna tú staidéar air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**14.** Roghnaigh pictiúr ar bith le Edvard Munch (1863-1944) a ndearna tú staidéar air.
Freagair (a) agus (b).
(a) Ainmnigh an pictiúr seo
(b) Déan cur síos agus plé ar an bpictiúr atá roghnaithe agat agus mínigh cén fáth ar roghnaigh tú é.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

# ROINN III –Léirthuiscint

**15.** Freagair (a), (b) agus(c).
(a) Ainmnigh gailearaí ealaíne nó músaem ar thug tú cuairt air.
(b) Déan cur síos agus plé ar thaispeántas **amháin** ar chuir tú suim ann agus mínigh cén fáth.
(c) Mol **dhá** shlí a bhféadfadh an gailearaí ealaíne nó an músaem atá roghnaithe agat an nasc idir é agus an pobal a fheabhsú.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**16.** Earraí teicneolaíochta iad seinnteoirí MP3 a mbíonn an-éileamh ag an bpobal orthu.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos ar thréithe seinnteoir MP3 faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhair
- cruth
- feidhm

(b) Cén tábhacht a bhaineann le héascaíocht úsáide i ndearadh seinnteoir MP3?
(c) Mol feabhsúchán dearaidh le haghaidh do sheinnteoir MP3.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**17.** Deartar mórán gairdíní mar sheomraí faoin aer.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar spás an ghairdín ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** faoi na ceannteidil seo a leanas:
- stíl
- cúram
- sábháilteacht.

(b) Déan **dhá** mholadh a chuirfeadh feabhas ar leagan amach agus ar chompord an spáis seo. Tabhair fáthanna le do fhreagraí.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**18.** Freagair (a) agus (b).
(a) Abair conas a thabharfá faoi stampa a dhearadh chun ár n-oidhreacht ailtireachta a cheiliúradh **agus** mol dearadh.
(b) Pléigh tábhacht na nithe seo a leanas i do dhearadh:
- na híomhánna
- dath(anna)
- litreoireacht

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**19.** Tá méadú suntasach tagtha ar a bhfuil de dhealbhóireacht phoiblí feadh na bpríomhbhóithre agus na mótarbhealaí.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar phíosa dealbhóireachta poiblí a bhfuil eolas maith agat air faoi na ceannteidil seo a leanas:

- méid
- cruth
- dath(anna)

(b) Mol dearadh le haghaidh píosa dealbhóireachta poiblí a bheadh oiriúnach do bhóthar chuig aerfort **nó** ospidéal.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**20.** Gné rialta de shiamsaíocht leanaí í an phéintéireacht aghaidhe.

Freagair (a) agus (b).

(a) Mol dearadh péintéireacht aghaidhe do pháiste faoi bhun deich mbliana agus tú ag úsáid **ceann amháin** de na téamaí seo a leanas:

- foghlaí mara
- sióg
- ainmhí
- fear grinn

(b) Déan cur síos agus plé ar an gcaoi a nglacann dath, patrún agus uigeacht ról tábhachtach sa phéintéireacht aghaidhe.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**21.** Iarradh ort cóiriú (seit) stáitse a dhearadh le haghaidh dráma **nó** ceoldráma sa scoil agatsa.

Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh an dráma **nó** an ceoldráma scoile.

(b) Déan cur síos agus plé ar an gcaoi a gcruthófá cóiriú (seit) le haghaidh radhairc **amháin** faoi na ceannteidil seo a leanas:

- cúlbhrat
- soilsiú
- frapaí

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán